C/2026/3731

13.7.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine agus an eintitis a bhfuil feidhm ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle, arna leasú ag Cinneadh (CBES) 2026/1438 ón gComhairle, agus ag Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití ina leith

(C/2026/3731)

Dírítear aird na ndaoine agus an eintitis a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1438 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle ([3]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine agus an t-eintiteas a luaitear sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh i gcónaí ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319 agus i Rialachán (AE) 2022/2309. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní na forais ar a ndearnadh na daoine lena mbaineann a ainmniú.

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 6 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh **an 1 Márta 2027**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú mír agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 135, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2319/oj.
([2]) IO L, 2026/1438, 13.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1438/oj.
([3]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2309/oj.